*Uimhir* 19 *de* 2020

# An tAcht Sláinte (Leasú), 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 19 *de* 2020

# AN tACHT SLÁINTE (LEASÚ), 2020

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 2 d'Acht 1947
3. Leasú ar alt 31A d'Acht 1947
4. Fógra íocaíochta seasta i leith cionta líomhnaithe áirithe
5. Cumhacht comhalta den Gharda Síochána chun treorú a thabhairt
6. Gearrtheideal, tosach feidhme, agus oibriú an Achta do scor

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht Sláinte, 1947 (Uimh. 28)

*Uimhir* 19 *de* 2020

**AN tACHT SLÁINTE (LEASÚ), 2020**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú breise agus feabhsaithe i ndáil le rialacháin faoi alt 31A den Acht Sláinte, 1947 a fhorfheidhmiú; chun na críche sin, do dhéanamh socrú i ndáil le cionta áirithe a ionchúiseamh arb éard iad sáruithe ar na rialacháin sin, do dhéanamh socrú maidir le daoine ar líomhnaíodh go ndearna siad cionta áirithe den sórt sin d'íoc suimeanna seasta in ionad iad a bheith á n-ionchúiseamh mar gheall ar na cionta sin; do dhéanamh socrú maidir le comhaltaí den Gharda Síochána do thabhairt treoruithe in imthosca áirithe; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[25 *Deireadh Fómhair* 2020]

DE BHRÍ go bhfuil baol an-tromaí ann fós don tsláinte phoiblí mar gheall ar an ngalar ar a dtugtar Covid-19, agus gur cruthaíodh gur deacair tarchur an ghalair sin a chosc;

DE BHRÍ go bhfuil an ghéarchéim, arb é leathadh an ghalair sin faoi deara í, ina cúis le damáiste suntasach, agus go leanfaidh sí de bheith ina cúis le damáiste suntasach, do gheilleagar an Stáit agus go bhfuil, go dtí seo, méadaithe go substaintiúil ar líon na ndaoine atá tagtha chun bheith dífhostaithe agus méadaithe go substaintiúil ar an bhfiachas náisiúnta de thoradh na géarchéime sin;

DE BHRÍ, maidir le bearta agus toirmisc áirithe a cuireadh i bhfeidhm ó thosach ráig an ghalair sin, ar bearta agus toirmisc iad a bhaineann le hiompar agus iompraíocht daoine den tsochaí agus arbh é an aidhm a bhí leo deireadh a chur leis an ngalar, minicíocht an ghalair a laghdú agus an tionchar atá aige ar fheidhmiú na sochaí agus an gheilleagair a theorannú, nár laghdaíodh leo minicíocht an ghalair go leordhóthanach;

DE BHRÍ, maidir leis na bearta a glacadh faoi alt 31A den Acht Sláinte, 1947 chun deireadh a chur leis an ngalar sin, agus chun minicíocht an ghalair sin a laghdú, agus chun an tionchar atá aige ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar a theorannú, gur gá iad a fhorlíonadh le bearta breise;

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "Acht 1947" an tAcht Sláinte, 1947.

**Leasú ar alt 2 d'Acht 1947**

**2.** Leasaítear alt 2 d'Acht 1947 trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"forléireofar 'foráil pionóis sheasta' de réir fho-alt (6C) d'alt 31A;

forléireofar 'foráil maidir le himeacht i dteaghais' de réir fho-alt (6D) d'alt 31A;

ciallaíonn 'foráil phionósach' foráil a ndeirtear i rialacháin faoi alt 31A gur foráil phionósach chun críocha an Achta seo í;".

**Leasú ar alt 31A d'Acht 1947**

**3.** Leasaítear alt 31A d'Acht 1947—

(a) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

"(6C) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar cibé foráil phionósach nó forálacha pionósacha a shonrófar sna rialacháin a fhorordú chun bheith ina bhforálacha pionóis sheasta.

(b) Le linn dó nó di foráil phionósach a fhorordú chun bheith ina foráil pionóis sheasta, déanfaidh an tAire, i dteannta na nithe a shonraítear i bhfo-alt (2), aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

(i) cineál an ghnímh nó an neamhghnímh arb é an cion faoin bhforáil phionósach lena mbaineann é,

(ii) maidir le forordú forála pionósaí mar fhoráil pionóis sheasta, a mhéid a chuideodh sé chun leathadh Covid-19 a chosc, chun cur isteach ar an leathadh sin, nó chun an leathadh sin a mhoilliú ar shlí eile, agus

(iii) a áisiúla atá sé foráil a dhéanamh maidir le modhanna breise den sórt sin chun forálacha pionósacha a fhorfheidhmiú mar chuid den iarracht ar thaobh an Stáit—

(I) chun gnáthfheidhmiú na sochaí a chothabháil agus chun aisiriú céimnithe ghnáthfheidhmiú na sochaí a chumasú, nó

(II) chun forchur srianta nó srianta breise ar an tsochaí a sheachaint.

(c) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar na nithe seo a leanas—

(i) foirm fógra íocaíochta seasta, nó

(ii) an próiseas a bheidh le leanúint ag comhalta den Gharda Síochána le linn dó nó di fógra íocaíochta seasta a thabhairt do dhuine.

(d) Sula ndéanfaidh an tAire foráil pionóis sheasta a fhorordú i rialacháin faoin alt seo, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

(6D) (a) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar cibé foráil phionósach nó forálacha pionósacha a shonrófar sna rialacháin a fhorordú chun bheith ina bhforálacha maidir le himeacht i dteaghais.

(b) Le linn dó nó di foráil phionósach a fhorordú chun bheith ina foráil maidir le himeacht i dteaghais, déanfaidh an tAire, i dteannta na nithe a shonraítear i bhfo-alt (2), aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

(i) an baol maidir le leathadh Covid-19 a bhaineann le daoine a bheith ag cruinniú le chéile, go háirithe taobh istigh nó in áiteanna cúnga,

(ii) cineál an ghnímh nó an neamhghnímh arb é an cion faoin bhforáil phionósach lena mbaineann é,

(iii) maidir le forordú forála pionósaí chun bheith ina foráil maidir le himeacht i dteaghais, a mhéid a chuideodh sé chun leathadh Covid-19 a chosc, chun cur isteach ar an leathadh sin, nó chun an leathadh sin a mhoilliú ar shlí eile, agus

(iv) a áisiúla atá sé foráil a dhéanamh maidir le modhanna breise den sórt sin chun forálacha pionósacha a fhorfheidhmiú mar chuid den iarracht ar thaobh an Stáit—

(I) chun gnáthfheidhmiú na sochaí a chothabháil agus chun aisiriú céimnithe ghnáthfheidhmiú na sochaí a chumasú, nó

(II) chun forchur srianta nó srianta breise ar an tsochaí a sheachaint.

(c) Sula ndéanfaidh an tAire foráil maidir le himeacht i dteaghais a fhorordú i rialacháin faoin alt seo, rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

(6E) In imeachtaí i leith cion faoin alt seo arb é atá ann sárú ar fhoráil maidir le himeacht i dteaghais, toimhdeofar, mura gcruthófar a mhalairt, gurbh é nó í áititheoir na teaghaise arb ina leith a líomhnaítear go ndearnadh an cion an t-eagraí imeachta.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (12):

“(12) (a) Faoi réir mhír (b), aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair—

(i) i gcás an chéad chiona den sórt sin, fíneáil nach mó ná €1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná aon mhí amháin, nó iad araon, a chur air nó uirthi,

(ii) i gcás an dara cion den sórt sin, fíneáil nach mó ná €1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(iii) i gcás an tríú cion nó cion dá éis sin den sórt sin, fíneáil nach mó ná €2,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(b) D’ainneoin fhomhír (i) nó (ii) de mhír (a), féadfaidh an chúirt, i leith cion lena mbaineann ceachtar de na fomhíreanna sin, fíneáil nó téarma príosúnachta, nó fíneáil agus téarma príosúnachta, a fhorchur a dhlífí a chur ar dhuine a bheadh ciontach i gcion dá dtagraítear i bhfomhír (iii) den mhír sin, má mheasann an chúirt go raibh imthosca tromúcháin ann i ndáil le déanamh an chiona chéadluaite a fhágann gur ceart

fíneáil den sórt sin nó téarma príosúnachta den sórt sin, nó iad araon, a fhorchur.

(c) Cuirfidh cúirt na nithe seo a leanas i gcuntas le linn di a chinneadh cibé acu a bhí nó nach raibh imthosca tromúcháin ann i ndáil le déanamh ciona:

(i) i gcás cion a bhaineann le heagrú imeachta de shárú ar fhoráil phionósach, líon na ndaoine a bhí ag freastal ar an imeacht sin;

(ii) méid na contúirte don tsláinte phoiblí arbh é déanamh an chiona ba bhun léi;

(iii) a mhéid a dhiúltaigh an duine atá ciontach sa chion lena mbaineann iarrataí nó treoruithe dleathacha ó chomhalta den Gharda Síochána a chomhlíonadh.”,

agus

(c) i bhfo-alt (16)—

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “eagraí imeachta”:

“ciallaíonn ‘eagraí imeachta’—

(a) i ndáil le himeacht i dteaghais, duine a shocróidh, a eagróidh nó a bhainisteoidh an t-imeacht, nó a chuirfidh faoi deara nó a cheadóidh ar shlí eile go mbeidh an t-imeacht ar siúl, agus

(b) i ndáil le himeacht in áit seachas teaghais, aon duine—

(i) a ghabhfaidh don imeacht a phoibliú, a shocrú, a eagrú nó a bhainistiú, nó

(ii) a gheobhaidh cuid de na fáltais nó na fáltais go léir (más ann) ón imeacht;”,

agus

(ii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘ceadúnas’, i ndáil le teaghais, ceadúnas arna thabhairt do dhuine ag úinéir na teaghaise á cheadú don duine dul isteach agus cónaí sa teaghais (cibé acu is ar chomaoin luachmhar é nó nach ea);

ciallaíonn ‘áititheoir’, i ndáil le teaghais—

(a) duine—

(i) a bhfuil cónaí air nó uirthi sa teaghais, agus

(ii) arb é nó í úinéir na teaghaise é nó í,

nó

(b) duine a bhfuil cónaí air nó uirthi sa teaghais de bhun ceadúnais (ach amháin i gcás go bhfuil cónaí ar úinéir na teaghaise ann freisin);

ciallaíonn 'úinéir', i ndáil le teaghais, aon duine (seachas morgáistí nach bhfuil i seilbh) ag a bhfuil eastát nó leas sa teaghais;".

**Fógra íocaíochta seasta i leith cionta líomhnaithe áirithe**

**4.** Leasaítear Acht 1947 tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

"**31C.** (1) I gcás go bhfuil forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go ndearna duine cion arb é atá ann sárú ar fhoráil pionóis sheasta, féadfaidh an comhalta sin fógra i scríbhinn (dá ngairtear 'fógra íocaíochta seasta' san alt seo) a thabhairt don duine san fhoirm fhorordaithe ina luafar—

(a) go líomhnaítear go ndearna an duine an cion sin,

(b) sonraí i dtaobh an chiona líomhnaithe sin,

(c) go bhféadfaidh an duine, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra, íocaíocht de cibé méid a bheidh forordaithe, ar méid é nach mó ná €500, agus an fógra ina teannta, a dhéanamh le cibé duine a bheidh sonraithe san fhógra ag cibé áit a bheidh sonraithe amhlaidh,

(d) nach bhfuil oibleagáid ar an duine an íocaíocht a bheidh sonraithe san fhógra a dhéanamh, agus

(e) nach dtionscnófar ionchúiseamh ar an duine dá dtugtar an fógra i leith an chiona líomhnaithe le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra agus, má dhéantar an íocaíocht a bheidh sonraithe san fhógra le linn na tréimhse sin, nach dtionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(2) I gcás go dtabharfar fógra íocaíochta seasta faoi fho-alt (1)—

(a) féadfaidh an duine lena mbaineann sé, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra, an íocaíocht a bheidh sonraithe san fhógra, agus an fógra ina teannta, a dhéanamh le cibé duine, agus ag cibé áit, a bheidh sonraithe san fhógra,

(b) féadfaidh an duine a bheidh sonraithe san fhógra, ar an íocaíocht a fháil, admháil a eisiúint ina leith, agus aon íocaíocht a gheofar amhlaidh, ní bheidh sí inghnóthaithe ag an duine a rinne í, agus

(c) ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe sa tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra agus, má dhéantar an íocaíocht a bheidh sonraithe amhlaidh le linn na tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(3) In imeachtaí i leith cion arb é atá ann sárú ar fhoráil phionósach, is cosaint é don chosantóir a chruthú go ndearna sé nó sí íocaíocht, de réir an ailt seo, de bhun fógra íocaíochta seasta arna eisiúint i leith an chiona sin.

(4) Aon airgead a gheofar de bhun fógra íocaíochta seasta a thabhairt, déanfar é a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste.

(5) Féadfar fógra íocaíochta seasta a thabhairt do dhuine ar cheann amháin de na slite seo a leanas:

(a) trína thabhairt don duine i bpearsa;

(b) trína chur leis an bpost chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine.

(6) Chun críoch an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta, de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 2014, ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe daoine ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.”.

**Cumhacht comhalta den Gharda Síochána chun treorú a thabhairt**

**5.** Leasaítear Acht 1947 tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

“**31D.** (1) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (7) d’alt 31A, i gcás go bhfaighidh comhalta den Gharda Síochána duine in áit phoiblí agus go mbeidh drochamhras ar an gcomhalta sin, agus cúis réasúnach aige nó aici leis sin, maidir leis an duine sin—

(a) go bhfuil sé ar intinn aige nó aici dul isteach i dteaghais chun freastal ar imeacht arna eagrú de shárú ar fhoráil maidir le himeacht i dteaghais,

(b) go bhfuil sé nó sí ar tí dul isteach i dteaghais chun na críche sin, nó

(c) go bhfuil sé nó sí ag féachaint le dul isteach i dteaghais chun na críche sin,

féadfaidh an comhalta a threorú don duine imeacht láithreach ón áit sin agus ó chomharsanacht na háite sin ar mhodh síochánta ordúil.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (7) d’alt 31A, i gcás go mbeidh drochamhras ar chomhalta den Gharda Síochána, agus cúis réasúnach aige nó aici leis sin, go bhfuil imeacht de shárú ar fhoráil maidir le himeacht i dteaghais ar siúl, féadfaidh sé nó sí a threorú don áititheoir a cheangal ar gach duine, agus a chur faoi deara do gach duine, atá ag freastal ar an imeacht (seachas daoine a bhfuil cónaí orthu sa teaghais de thuras na huaire) imeacht láithreach ón teaghais agus ó chomharsanacht na teaghaise ar mhodh síochánta ordúil.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, chun treorú a thabhairt—

(a) freastal ag an bpríomhbhealach isteach chuig teaghais, agus

(b) a cheangal ar an áititheoir a ainm nó a hainm a sholáthar don chomhalta.

(4) Is cion é ag aon duine, gan leithscéal réasúnach, mainneachtain treorú arna thabhairt ag comhalta den Gharda Síochána faoin alt seo a chomhlíonadh.

(5) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná aon mhí amháin, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

**Gearrtheideal, tosach feidhme, agus oibriú an Achta do scor**

**6.** (1) Féadfar an tAcht Sláinte (Leasú), 2020 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh an lá díreach tar éis é a rith.

(3) Leanfaidh an tAcht seo i ngníomh go dtí an 9 Meitheamh 2021 mura rithfidh gach Teach den Oireachtas rún roimh an dáta sin lena gceadófar an tAcht seo do leanúint i ngníomh agus, má ritear rúin den sórt sin, leanfaidh an tAcht seo i ngníomh go dtí cibé dáta a shonrófar sna rúin sin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

Wt. —. 42. 01/23. MM Packaging. (95483). Gr.30-15.

9 781399 305433